**Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — "Aghaidh a thabhairt ar ghanntanais struchtúracha agus an neamhspleáchas straitéiseach a neartú in éiceachóras na leathsheoltóirí"**

**(tuairim féintionscnaimh)**

(2023/C 140/02)

Rapóirtéir: **Anastasis YIAPANIS**

Comhrapóirtéir: **Guido NELISSEN**

| | |
|---|---|
| Cinneadh ón Tionól Iomlánach | 20.1.2022 |
| Bunús dlí | Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta |
| | Tuairim féintionscnaimh |
| Rannóg atá freagrach | An Coimisiún Comhairleach um Athruithe Tionsclaíocha (CCMI) |
| Dáta a glactha sa rannóg | 9.12.2022 |
| Dáta a glactha sa seisiún iomlánach | 24.1.2023 |
| Seisiún iomlánach Uimh. | 575 |
| Toradh na vótála<br>(ar son/in aghaidh/staonadh) | 179/0/4 |

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Tá CESE ag iarraidh go mbeadh níos mó trédhearcachta ann, go ndéanfaí tuilleadh faireachán straitéiseach agus bainistiú straitéiseach fad na slabhraí soláthair sliseanna, go ndéanfaí an méid sliseanna a bheadh ar fáil a thuar ar bhonn níos fearr, agus go mbeadh comhpháirtíochtaí níos dlúithe ann, i gcomhordú leis na húdaráis phoiblí ar an leibhéal Eorpach.

1.2. Measann CESE gur cheart gach céim den slabhra luacha leathsheoltóirí a chur chun cinn sa straitéis Eorpach le haghaidh leathsheoltóirí, le haird ar leith á tabhairt ar dhearadh agus monarú sliseanna agus ar tháirgeadh cúil. Ní mór measúnú agus faireachán cúramach a dhéanamh ar chur chun feidhme an Ghnímh Eorpaigh um Shliseanna trí tháscairí soiléire (eochairtháscairí feidhmíochta) in éineacht le geallsealbhóirí tionsclaíocha agus leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí.

1.3. Is údar imní ar leith do CESE spleáchas reatha an Aontais ar an monaraíocht chúil, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an tSín. Tá an comhar idirnáisiúnta idir rialtais, braislí leathsheoltóirí agus institiúidí taighde agus forbartha thar a bheith tábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar na ganntanais atá ann faoi láthair, chun cothrom na Féinne a bhaint amach agus chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na sochaí i gcoitinne.

1.4. Is mór ag CESE na EUR 43 bhilliún a fógraíodh sa Ghníomh Eorpach um Shliseanna agus cruthú Chiste na Sliseanna atá ar na bacáin. Éilíonn CESE freisin go mbainfí leas iomlán as pleananna téarnaimh agus athléimneachta na hEorpa.

1.5. Mar sin féin, tá sé á chur in iúl ag CESE nár chuir an Coimisiún Eorpach dóthain béime ar a thábhachtaí atá amhábhair, ciorclaíocht na bpróiseas táirgthe agus an spleáchas atá ann faoi láthair ar thríú tíortha. Ina fhianaise sin, tá sé ag iarraidh go ndéanfaí iarracht níos mó an rochtain ar na príomh-amhábhair a úsáidtear i dtáirgeadh leathsheoltóirí a ráthú.

1.6. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú cúramach ar na comhaontuithe saorthrádála agus na comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta atá ann cheana, d'fhonn féachaint go sonrach le huathriail straitéiseach oscailte a bhaint amach agus cur le hathléimneacht na hEorpa.

1.7. Ba cheart infheistíocht a dhíriú ar réimsí ina bhfuil spleáchas na hEorpa ar sholáthraithe eachtracha teicneolaíochta an-ard. D'fhonn rioscaí a laghdú agus tréimhsí a bhfaightear toradh ar infheistíocht lena linn a fheabhsú, teastaíonn tacaíocht phoiblí (ach an ró-fhóirdheonú a sheachaint) ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát d'infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí claochlaitheacha, in ardáin dearaidh fhíorúla, sa chumas úrscothach dearthóireachta sliseanna, agus i saoráidí den chineál is úrnua (agus béim á leagan ar shliseanna ceannródaíocha).

1.8. Ba mhaith le CESE dá ndéanfaí cistí an Aontais a dháileadh ar na Ballstáit agus na réigiúin ar bhealach atá éifeachtúil go heacnamaíoch agus cothrom, agus go ndéanfaí amhlaidh freisin i gcás cuideachtaí móra, gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna. Tá sé á iarraidh ag CESE freisin go mbeadh plean láidir gníomhaíochta ann chun infheistíocht choigríche a mhealladh ó phríomhchuideachtaí idirnáisiúnta leathsheoltóra.

1.9. Tá CESE den bharúil gur cheart a chur san áireamh in aon bheartas scileanna an tionchar a bhaineann le dlús a chur leis an nuálaíocht ar a thapa a chruthaítear agus a scriostar poist, chomh maith le páirt a thabhairt ann do chomhpháirtithe sóisialta an éiceachórais sliseanna, don saol acadúil agus d'ionaid ábhartha taighde. Tá dianiarrachtaí de dhíth má tá an lucht saothair chun uas-sciliú agus athsciliú a dhéanamh. Ní mór cabhrú le margadh saothair an Aontais scileanna riachtanacha sonracha a ghnóthú trí bhíthin na foghlama ar feadh an tsaoil agus cláir ghairmoideachais agus ghairmoiliúna, go háirithe d'oibrithe ó réimse ETIM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic).

1.10. Tá sé á chur i bhfáth ag CESE go nglactar in áiteanna eile ar domhan roinnt mhaith de na nuálaíochtaí a fhorbraíonn eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta san Aontas agus tá sé den bharúil nach mór na hearnálacha críochúsáide a thabhairt níos cóngaraí do bhonn taighde leathsheoltóra na hEorpa.

1.11. Tá CESE ag iarraidh go dtacófaí níos mó le braislí i dteicneolaíochtaí digiteacha agus go mbainfí leas níos fearr as acmhainneacht nuálaíochta FBManna ardteicneolaíochta. Ina theannta sin, tá CESE ag iarraidh go mbeadh reachtaíocht chomhsheasmhach ann maidir le dreasachtaí cánach atá ina spreagadh ó thaobh infheistíochtaí sa taighde agus san fhorbairt de, go háirithe a fhad a bhaineann le taighde agus forbairt i ndearadh sliseanna.

1.12. Tá CESE ag iarraidh go mbeadh tuilleadh nuálaíochta agus cosanta ann chun cur i gcoinne cibirionsaithe, agus go mbeifí níos réidhe do thuilleadh bagairtí nuálacha cibearshlándála.

## 2. **Dúshláin roimh straitéis an Aontais le haghaidh leathsheoltóirí**

2.1. Mar thoradh ar an réabhlóid dhigiteach agus na teicneolaíochtaí claochlaitheacha a bhfuiltear de shíor á lorg, tá méadú suntasach tagtha ar an éileamh ar leathsheoltóirí. Cuid mhór de phaindéim COVID-19 agus den tréimhse téarnaimh uaithi is ea na ganntanais fhorleathana sa slabhra soláthair, rud a fhágann, maille leis na praghsanna méadaithe fuinnimh agus na scrogaill soláthair ó thaobh amhábhair ríthábhachtacha de, go bhfuil laincis ar an téarnamh eacnamaíoch agus go bhfuil aschur tionsclaíoch an Aontais ag trá.

2.2. Tá tionscal micrileictreonaice na hEorpa (455 000 post díreach) ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain a mhéid a bhaineann le próiseálaithe tiomnaithe i dtaobh córais leabaithe, braiteoirí, sliseanna radaimhinicíochta, leictreonaic chumhachta, sliseoga sileacain, ceimiceán, agus ardtrealamh táirgthe sliseanna. Tá bonn láidir taighde ag an Aontas a bhuí lena ionaid taighde agus a thionscnaimh uaillmhianacha thaighde agus forbartha.

2.3. Táthar á thuar go dtiocfaidh méadú 300 % faoi 2030 ar an éileamh ar leathsheoltóirí sa tionscal gluaisteán agus, san am céanna, meastar go dtiocfaidh méadú faoi dhó faoi 2030 ar an ngá atá le sliseanna in earnáil na tionsclaíochta leictreonaí i ngeall ar roinnt mórthreochtaí amhail na teicneolaíochtaí táirgthe ardleibhéil atá mar chuid de Thionsclaíocht 4.0. Is ón earnáil cumarsáide a thagann 15 % den éileamh ar shliseanna san Aontas, ós rud é go ndeartar agus go dtáirgtear comhpháirteanna ríthábhachtacha le haghaidh sliseanna i dtrealamh cumarsáide le haghaidh 5G taobh amuigh den Aontas den chuid is mó. Tá athrú ag teacht, ó thaobh na teicneolaíochta de, ar thionscail amhail tionscail an chúraim sláinte, an fhuinnimh, an aeraspáis, na cluichíochta agus tuilleadh nach iad. Chomh maith leis sin, tá méadú tagtha iontu ar an éileamh ar shliseanna seanbhunaithe agus ar shliseanna ardteicneolaíochta araon, ar phróisis táirgthe na sliseanna sin agus ar na táirgí a bhaintear astu. Tá sliseanna ríthábhachtach freisin le haghaidh fhorbairt na hintleachta saorga (IS) tionsclaíche agus fheidhmeanna IoT, ar margadh é sin a dtagann fás 50 % air gach bliain. Ach straitéis sliseanna a fhorbairt sna margaí láidre deiridh sin atá ann cheana agus iad sin atá ag teacht chun cinn, chuirfí tús le fáinne óir sa chaoi go mbeadh na príomhthionscail mhonaraíochta san Aontas ní b'iomaíche agus sa chaoi go mbeifí ní ba chumasaí ó thaobh sliseanna de laistigh den Aontas san am céanna.

2.4. Ar an taobh eile den scéal, níl oiread céanna ionadaíochta ag earnáil na tionsclaíochta san Aontas i roinnt margaí deiridh atá tábhachtach i dtaobh leathsheoltóirí, amhail an néalríomhaireacht agus stóráil sonraí, an ríomhaireacht phearsanta, an chumarsáid gan sreang (fóin chliste) agus gléasanna tomhaltóirí (cluichíocht). Sa bhreis air sin, toisc nach bhfuil ar thalamh an Aontais ach 50 monarcha déantúsaíochta leathsheoltóirí (saotharlanna déantúsaíochta digití), tá bonn monaraíochta an Aontais cuibheasach íseal, ní féidir leis sliseanna a tháirgeadh a bhfuil gnéithe is lú ná 22 nm acu agus tá seasamh lag aige a mhéid a bhaineann le dearadh agus uirlisí dearaidh uathoibrithe. Mar thoradh air sin, in 2021, bhí easnamh EUR 19,5 billiún ag an Aontas i dtrádáil leathsheoltóirí (EUR 51 bhilliún in allmhairí i gcomparáid le EUR 31,5 billiún in onnmhairí) ([1]).

([1]) Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin – A Chips Act for Europe (Ionstraim um Shliseanna don Eoraip).

2.5. Ós rud é nach dtiocfaidh ach méadú ar an éileamh ar shliseanna agus ar úsáid na sliseanna, iarrann CESE cláir uaillmhianacha chun astaíochtaí gás ceaptha teasa na hearnála a laghdú trí bhíthin éifeachtúlacht fuinnimh, fuinneamh inathnuaite agus teicneolaíochtaí claochlaitheacha.

3. **Iomaíochas agus uathriail straitéiseach**

3.1. Is mó an fheasacht atá ann gur gá ceannasacht theicneolaíoch na hEorpa i réimse na leathsheoltóirí a neartú i bhfianaise an iliomad rioscaí atá ag bagairt ar an earnáil sin (i.e. ganntanais struchtúracha, rioscaí don slabhra soláthair, cumhacht mhonaplach i bpríomhchodanna den slabhra luacha, rioscaí geopholaitiúla) agus an tionchair atá acu sin ar réimse leathan tionscal.

3.2. Bíonn éifeachtaí an-diúltach ag suaitheadh soláthair leathsheoltóirí ar gheilleagar agus ar shochaí na hEorpa. I bhfianaise a chasta atá an slabhra soláthair leathsheoltóirí, is deacair rioscaí ó thaobh suaitheadh de a shainaithint, a mheas agus na bearta iomchuí maolaitheacha a dhéanamh. Tá CESE den bharúil gur féidir an slabhra luacha sliseanna a neartú ach an méid seo a leanas a dhéanamh: an trédhearcacht agus an infheictheacht a mhéadú; a áirithiú go ndéanfar faireachán agus bainistíocht níos straitéisí ar an slabhra soláthair; an méid sliseanna a bheidh ar fáil a thuar ar bhonn níos fearr; agus comhpháirtíochtaí níos dlúithe a chothú ar gach leibhéal den slabhra soláthair, i gcomhordú leis na húdaráis phoiblí ar an leibhéal Eorpach.

3.3. D'fhonn aghaidh a thabhairt ar ábhair imní ó thaobh soláthar fadtéarmach de agus ionas go bhféadfadh an tAontas a bheith san iomaíocht dhomhanda maidir le comhpháirteanna úrscothacha leathsheoltóra a dhearadh agus a tháirgeadh, ar comhpháirteanna iad sin atá ag éirí níos casta, measann CESE gur cheart gach céim den slabhra luacha leathsheoltóirí a chur chun cinn sa straitéis Eorpach le haghaidh leathsheoltóirí, lena n-áirítear taighde ar leathsheoltóirí, dearadh, monarú sliseanna, cóimeáil, tástáil agus pacáistiú.

3.4. Measann CESE go háirithe nach mór don Aontas infheistíocht a dhéanamh i réimsí ina bhfuil spleáchas na hEorpa ar sholáthraithe eachtracha teicneolaíochta an-ard, amhail dearadh agus uathoibriú dearaidh leictreonach, cumas monaraíochta agus ardphacáistiú.

3.5. Is léir gur réimse straitéiseach teicneolaíochta anois iad na leathsheoltóirí agus go bhfuil easpa cumais mhonaraíochta san Aontas ó thaobh sliseanna cúlfhaobhair agus sliseanna úrscothacha araon de. Ina fhianaise sin, ní mór don Aontas tacú le hinfheistíochtaí i dtáirgeadh sliseanna ós rud é go bhfuil sé sin ríthábhachtach chun athléimneacht na monaraíochta a neartú sna hearnálacha is mó tábhacht. Go deimhin, bíodh is go bhfuil ardéileamh cheana féin ar shliseanna seanbhunaithe (teicneolaíocht 12-40_nm) laistigh d'earnálacha tionsclaíocha na hEorpa, tá an t-éileamh sin fós ag dul i méid. Ag an am céanna, táthar á thuar go méadóidh an t-éileamh ar shliseanna ceannródaíocha (faoi bhun nóid 10 nm) i bhfad níos tapúla mar thoradh ar an aistriú i dtreo na himeall-ríomhaireachta, na ríomhaireachta candamaí, IoT, na tiomána uathoibrithe agus IS. Spreagadh athraithe radacaigh iad na teicneolaíochtaí sin i roinnt mhaith earnálacha tionsclaíocha, mar atá earnáil na hinnealtóireachta, an earnáil gluaisteán, earnálacha na leictreonaice, an chúraim sláinte, na cosanta agus na bhfoinsí inathnuaite fuinnimh. Is cinnte go bhfuil sé d'acmhainn ag na tionscail sin margadh Eorpach a chruthú chun tacú le táirgeadh sliseanna ceannródaíocha san Eoraip san fhadtéarma.

3.6. Faraor, d'fhonn tús áite a thabhairt d'infheistíochtaí, measann CESE gur gá ar dtús infheistíochtaí a dhíriú ar chumas úrscothach dearthóireachta sliseanna, á chur san áireamh go bhfuil easpa cumais mhonaraíochta san Eoraip i ndáil le leathsheoltóirí ardloighce.

3.7. Ba cheart aird ar leith a thabhairt freisin ar mhonaraíocht chúil (cóimeáil, tástáil agus pacáistiú san áireamh), ar monaraíocht dlúthfhostaíochta í sin a d'fhéadfaí a lonnú go straitéiseach in Oirdheisceart na hEorpa, áit a bhfuil costais saothair níos iomaíche. Is údar imní do CESE na rioscaí éagsúla atá ag bagairt ar an Aontas mar gheall ar é a bheith spleách ar an monaraíocht chúil, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an tSín.

3.8. Is den ríthábhacht rochtain a ráthú ar na príomh-amhábhair a úsáidtear i dtáirgeadh leathsheoltóirí, amhail ceimiceáin ardíonachta (gearmáiniam, bórón, indiam), gáis speisialta (neon, héiliam, argón), ionadaithe ar shileacan (e.g. cairbíd sileacain ar mhaithe le bainistiú cumhachta níos fearr). De réir mar a théann an t-éileamh ar shliseanna in airde, toisc iad a bheith ag éirí níos casta, tiocfaidh méadú freisin ar an éileamh ar na hábhair sin.

3.9. Tugann CESE dá aire nár chuir an Coimisiún Eorpach dóthain béime ar a thábhachtaí atá amhábhair, ciorclaíocht na bpróiseas táirgthe agus an spleáchas atá ann faoi láthair ar thríú tíortha. Tá an méid seo a leanas ráite ag CESE ar an ábhar: "Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún, do na Ballstáit agus do lucht tionscail plé a dhéanamh le chéile ar conas na foinsí soláthair a éagsúlú agus, go háirithe, conas athchúrsáil níos fearr a dhéanamh ar amhábhair chriticiúla i gcomhthéacs geilleagar ciorclach tionsclaithe sa mhicrileictreonaic ([2])."

3.10. Creideann CESE nach mór measúnú agus faireachán cúramach a dhéanamh ar chur chun feidhme an Ghnímh Eorpaigh um Shliseanna agus tá sé á iarraidh aige go mbeadh eochairtháscairí soiléire feidhmíochta ann chun an dul chun cinn a mheasúnú. Ní mór na táscairí a chinneadh in éineacht le geallsealbhóirí tionsclaíocha agus leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí.

## 4. **Rannpháirtíocht gheallsealbhóirí an Aontais, comhar idirnáisiúnta agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha**

4.1. Creideann CESE go bhfuil an chomhghuaillíocht Eorpach um próiseálaithe agus teicneolaíochtaí leathsheoltóra, a sheol an Coimisiún i mí Iúil 2021, ríthábhachtach chun na bearnaí atá ann cheana sa phróiseas táirgthe agus i nglacadh na teicneolaíochta san Aontas a shainaithint. Ba cheart don chomhghuaillíocht plé críochnúil a dhéanamh, le rannpháirtíocht chomhpháirtithe sóisialta an éiceachórais sliseanna, an tsaoil acadúil agus na n-ionad ábhartha taighde, ar athléimneacht an Aontais a neartú agus ar shlándáil na slabhraí soláthair a áirithiú.

4.2. Tá CESE den bharúil go bhfuil an comhar idirnáisiúnta idir rialtais, braislí leathsheoltóirí agus institiúidí taighde agus forbartha thar a bheith tábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar na ganntanais atá ann faoi láthair agus chun muinín fhrithpháirteach a áirithiú d'fhonn cothrom na Féinne a bhaint amach. Ina theannta sin, ach éiceachóras leathsheoltóirí na hEorpa a threisiú, d'fhorbrófaí spleáchais fhrithpháirteacha fad na slabhraí luacha domhanda agus, ar an gcaoi sin, chuirfí brú ar an gcaibidlíocht idirnáisiúnta agus d'fheabhsófaí athléimneacht ghinearálta na hearnála trí chéile. Mar sin féin, chuir CESE a sheasamh in iúl go soiléir cheana nach mór "rás fóirdheontais a sheachaint agus [go g]caithfear cistí a chaitheamh go héifeachtúil gan róacmhainneachtaí agus saobhadh margaidh a chruthú ([3])."

4.3. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú cúramach ar na comhaontuithe saorthrádála agus na comhpháirtíochtaí tionsclaíochta idirnáisiúnta atá ann cheana, d'fhonn féachaint go sonrach le huathriail straitéiseach oscailte a bhaint amach agus cur le hathléimneacht na hEorpa, i gcomhthéacs geopholaitiúil atá níos casta ná riamh. Ba cheart dlús a chur leis an bplé laistigh den Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí, ar cheart dó cur le líon a chomhaltaí trína iarraidh ar gheallsealbhóirí tionsclaíocha agus ar chomhpháirtithe sóisialta a dhéanann ionadaíocht thar ceann an Aontais chun bheith rannpháirteach ann, chomh maith leis na hionaid taighde is tábhachtaí.

4.4. Caithfear díospóireachtaí i bhfóraim Eorpacha a dhíriú freisin ar dhlús a chur leis na nósanna imeachta ceada le haghaidh saoráidí nua, mar atá beartaithe, rud a d'fhéadfadh a bheith ina mhórdhreasacht chun infheistíochtaí suntasacha eachtracha a chaibidliú ([4]), a gcruthófaí éileamh láithreach bonn dá bharr. Rud is tábhachtaí fós, laghdófaí an ilroinnt agus d'áiritheofaí an intuarthacht ar mhaithe le hinfheistíochtaí amach anseo ach an t-ualach riaracháin a laghdú agus saoráidí rialála a chur chun feidhme i ngach Ballstát.

## 5. **Maoiniú**

5.1. Is mór ag CESE na EUR 43 bhilliún a fógraíodh sa Ghníomh Eorpach um Shliseanna agus cruthú Chiste na Sliseanna atá ar na bacáin, ach tá sé á éileamh aige go soiléireofaí go mionsonraithe conas a dhéanfaí na cistí poiblí agus príobháideacha sin a chruinniú agus a leithdháileadh. Ina cheann sin, tá sé á chur i bhfáth ag CESE gur cheart leas iomlán a bhaint as pleananna téarnaimh agus athléimneachta na hEorpa, agus é mar aidhm acu 20 % de na buiséid atá ann dóibh a thiomnú do chlaochlú digiteach na mBallstát.

5.2. Tá CESE den bharúil go dteastaíonn tacaíocht phoiblí ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát d'infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí claochlaitheacha, in ardáin dearaidh fhíorúla agus i saoráidí den chineál is úrnua (agus béim á leagan ar shliseanna ceannródaíocha) d'fhonn rioscaí a laghdú agus tréimhsí a bhfaightear toradh ar infheistíocht lena linn a fheabhsú i dtaobh na saoráidí a chaithfí a thógáil as an nua ar fad.

---

([2]) IO C 365, 23.9.2022, lch. 34.

([3]) IO C 365, 23.09.2022, lch. 23.

([4]) Cuir i gcás, rud is fíor i dtaobh na caibidlíochta atá ar siúl faoi láthair le Intel ó SAM, Samsung ón gCóiré Theas agus TSMC ón Téaváin.

5.3. Ós rud é gurb iad na Ballstáit atá mar chuid den Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí, tá imní ar CESE go mbeidh na Ballstáit in adharca a chéile ag iarraidh an sciar is mó de na cistí a fháil. Dá bhrí sin, ba mhaith le CESE dá ndéanfaí cistí an Aontais a dháileadh ar na Ballstáit agus na réigiúin ar bhealach atá éifeachtúil go heacnamaíoch agus cothrom, agus go ndéanfaí amhlaidh freisin i gcás cuideachtaí móra, gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna, ionas nach bhfágfaí aon duine ar lár. Chomh maith leis sin, tá sé ráite ag CESE cheana féin gur cheart critéir shonracha a cheapadh agus gur cheart "critéir an bheartais shóisialta a chur san áireamh, amhail an meon atá ag an ngnóthas lena mbaineann i leith an idirphlé shóisialta agus na cómhargála, agus an comhar tosaíochta le soláthraithe atá bunaithe san Aontas, ach freisin líon na bpost inbhuanaithe breise arna gcruthú leis na hinfheistíochtaí agus cáilíocht na ndálaí oibre ([5])."

5.4. A bhuí leis an nGníomh Eorpach um Shliseanna atá beartaithe, méadófar an méid iasachtaí agus maoinithe caipitil fiontair atá ar fáil agus déanfar fás cuideachtaí beaga nuálacha leathsheoltóirí a éascú a thuilleadh. Mar sin féin, tá margadh lánfheidhme caipitil fiontair de dhíth ar an Eoraip chun cabhrú leis na cuideachtaí sin eolas an bhealaigh a fháil trasna "gleann an bháis", a thosaíonn ag céim na taispeána agus a chríochnaíonn ag an tabhairt isteach ar an margadh. Tá treoir phraiticiúil á hiarraidh ag CESE, go háirithe do ghnólachtaí nuathionscanta agus do FBManna, maidir le conas is féidir na cistí sin a rochtain.

5.5. Ar deireadh, ba mhaith le CESE plean láidir gníomhaíochta a bheith ann freisin chun infheistíocht choigríche a mhealladh, go háirithe ó phríomhchuideachtaí idirnáisiúnta leathsheoltóirí, d'fhonn caipiteal agus fios gnó araon a mhealladh chuig talamh an Aontais.

## 6. **Scileanna**

6.1. Is príomhshócmhainn dholáimhsithe anois sa réabhlóid thionsclaíoch dhigiteach iad na scileanna digiteacha agus is gné thábhachtach i gcomhair cinntí infheistíochta é lucht saothair oilte a bheith ann. Faraor, tá moill uafásach á cur ar chur i bhfeidhm cumais dhigitigh mar gheall ar an easpa scileanna atá ann. Uirlisí ríthábhachtacha is ea an t-oideachas digiteach agus an mhúscailt feasachta i measc an phobail maidir le tionchar na bhfeidhmchlár digiteach (na buntáistí agus na rioscaí araon i dtaca leis an gcomhchruinniú cumhachta agus an urraim don saol pearsanta) lena gcuirtear ar chumas na dtomhaltóirí agus an tsochaí shibhialta cur go freagrach le forbairtí amach anseo san éiceachóras sliseanna agus lenar féidir an t-aos óg a mhealladh. Iarrann CESE freisin aird ar leith a thabhairt ar an ngá atá le cosaint a thabhairt do shláinte oibrithe na monaraíochta micrishliseanna a nochtar do shubstaintí guaiseacha.

6.2. Faoi láthair, is cúis mhór imní a thapa atá méadú ag teacht ar na folúntais atá ann d'innealtóirí, do speisialtóirí dearaidh agus do theicneoirí. Ina fhianaise sin, is díol sásaimh do CESE an Comhshocrú um Scileanna i dtaobh an Éiceachórais Dhigitigh a seoladh le déanaí. Ba cheart go gcabhródh an Clár Oibre Scileanna don Eoraip le spriocanna an chláir Conair i dtreo na Deacáide Digití a bhaint amach, i.e. scileanna bunúsacha digiteacha a chur ar 80 % den phobal, míchothromaíochtaí inscne a laghdú agus 20 milliún speisialtóir sa teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a bheith ann faoi 2030. Ba cheart go mbainfí amach leis freisin spriocanna Chlár Oibre Scileanna an Aontais agus spriocanna Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (i.e. go bhfreastalódh 60 % de dhaoine fásta ar chúrsaí oiliúna).

6.3. Ba cheart a chur san áireamh in aon bheartas scileanna an tionchar a bhaineann le dlús a chur leis an nuálaíocht ar a thapa a chruthaítear agus a scriostar poist, lena n-áirítear athrú an mhargaidh saothair ó bhonn mar thoradh ar fhorbairtí teicneolaíocha in IS. Is iad na poist nach dteastaíonn mórán scileanna chucu nó a dteastaíonn meánscileanna chucu is mó atá i mbaol dul ar ceal trína n-ionadú le huirlisí digiteacha agus uathoibriú. San am céanna, méadóidh an t-éileamh ar ardscileanna digiteacha. Tá CESE den bharúil go bhfuil dianiarrachtaí de dhíth má tá an lucht saothair chun uas-sciliú agus athsciliú a dhéanamh, go háirithe i gcás oibrithe atá thíos le dífheidhmeacht scileanna teicneolaíochta. Ina theannta sin, ní mór cabhrú le margadh saothair an Aontais, trí bhíthin na foghlama ar feadh an tsaoil agus cláir ghairmoideachais agus ghairmoiliúna, sainréimsí a fhorbairt trí scileanna riachtanacha sonracha a ghnóthú. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach rochtain a thabhairt d'fhoghlaimeoirí ar threalamh úrscothach deartha agus monaraíochta agus ar thaithí oiliúna fíorshaoil.

6.4. Measann CESE freisin go bhfuil creat comhleanúnach reachtach ag teastáil ón Aontas chun lucht saothair atá speisialaithe i leathsheoltóirí a mhealladh ón iasacht. Is mór ag CESE an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le scileanna agus tallanna a mhealladh chuig an Aontas ([6]) agus measann sé nach mór é sin a chomhlánú le cláir uas-scilithe agus athoiliúna, lena n-áirítear d'oibrithe ó réimse ETIM.

([5]) IO C 365, 23.09.2022, lch. 34.
([6]) COM(2022) 657 final – Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le scileanna agus tallanna a mhealladh chuig an Aontas.

6.5. Ar an taobh eile den scéal, tá CESE buartha faoi go n-eascróidh cogadh tallainne as an easpa scileanna ar fud an domhain, agus fágfaidh sé sin go n-imeoidh daoine oilte ón Aontas ar imirce nó go dtarlóidh sin ar bhonn idirnáisiúnta. Ina fhianaise sin, tá CESE ag tnúth leis an Teachtaireacht atá ar na bacáin: *Imirce daoine oilte – maolú ar na dúshláin a bhaineann le titim sa daonra*.

7. **Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht**

7.1. Tá sé á chur i bhfáth ag CESE go nglactar in áiteanna eile ar domhan roinnt mhaith de na nuálaíochtaí a fhorbraíonn eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta san Aontas agus nár neartaíodh an bonn monaraíochta san Aontas tríthu, rud is trua. Dá bhrí sin, measann CESE nach mór d'eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta an Aontais an bonn iomlán tionsclaíoch agus an fios gnó atá ann cheana maidir le leathsheoltóirí a thabhairt le chéile, línte píolótacha a uasghrádú agus a thógáil agus na deiseanna atá ann do thodhchaí príomhréimsí (amhail an imeall-ríomhaireacht, IS agus an chibearshlándáil) a fhiosrú agus leas a bhaint astu. I ndáil leis sin, beidh sé ríthábhachtach earnálacha críochúsáide a thabhairt níos cóngaraí do bhonn taighde na hEorpa.

7.2. Tá CESE ag iarraidh go mbeadh treochláir nuálaíochta fhadtéarmacha ann chun tacú leis an aistriú digiteach, as siocair go gceadaítear leo cur chuige réamhghníomhach i dtaobh infheistíochtaí taighde agus forbartha ar mhaithe le spriocanna straitéiseacha níos fadtéarmaí agus chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí san éiceachóras leathsheoltóirí. Ina theannta sin, tá CESE ag iarraidh go mbainfí leas níos fearr as acmhainneacht FBManna ardteicneolaíochta ó thaobh na nuálaíochta de, ós rud é gur minic a bhíonn na cuideachtaí sin thar a bheith speisialaithe, solúbtha agus gníomhach i margaí nideoige.

7.3. Tá sé á chur in iúl ag CESE nach mór cosaint níos fearr a áirithiú do mhaoin luachmhar intleachtúil cuideachtaí a mhéid a bhaineann le sliseanna agus is díol sásaimh dó na rialacha soiléire a leagadh síos sa Ghníomh Eorpach um Sliseanna chuige sin. Ní mór don Bhord Eorpach um Leathsheoltóirí, mar chuid dá ghníomhaíochtaí amach anseo, comhairliúcháin thráthúla a dhéanamh le geallsealbhóirí earnáil na tionsclaíochta maidir le cosaint éifeachtach chearta maoine intleachtúla an Aontais.

7.4. Creideann CESE gur cheart infheistíocht speisialta a dhíriú ar thaighde agus ar fhorbairt i ndearadh sliseanna, ós rud é gurb é sin is cúis leis an gcuid is mó den luach breise agus ós rud é go neartófaí leis sin na hargóintí eacnamaíocha ar son cumas monaraíochta níos forbartha. Sa chomhthéacs sin, ba cheart an bithgheilleagar a chur san áireamh freisin, ar rud é atá ag forbairt go tréan agus a mbeidh réimse as cuimse feidhmeanna ag baint leis amach anseo. Ba cheart don Choimisiún anailís a dhéanamh ar na deiseanna atá ann reachtaíocht chomhsheasmhach a ghlacadh maidir le dreasachtaí cánach lena spreagtar infheistíochtaí sa taighde agus san fhorbairt, go háirithe maidir le cuibhreannais a bheidh ann amach anseo a mbeidh cuideachtaí móra, FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus seach-chuideachtaí ó institiúidí taighde mar chuid díobh.

7.5. Is saincheist mhór anois í an chibearshlándáil i roinnt mhaith earnálacha tionsclaíocha amhail an earnáil gluaisteán agus earnálacha na hinnealtóireachta, na cumarsáide, an chúraim sláinte, an aeraspáis agus na cosanta. Tá CESE ag iarraidh go mbeadh tuilleadh nuálaíochta agus cosanta ann chun cur i gcoinne cibirionsaithe, agus go mbeifí níos réidhe do thuilleadh bagairtí nuálacha cibearshlándála. Tá an Coiste i bhfabhar an togra le haghaidh Gníomh um an gCibear-athléimneacht lena dtabharfar isteach ceanglais nua chibearshlándála agus lena gcothófar tuiscint níos fearr i measc táirgeoirí agus tomhaltóirí ar na cibearbhagairtí atá ann. Iarrann CESE freisin ról Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil a threisiú a thuilleadh.

An Bhruiséil, an 24 Eanáir 2023.

*Uachtarán*
*Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa*
Christina SCHWENG